

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH Uimh. 1/2022 Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN IORDÁIN

an 15 Márta 2022

lena leasaítear Prótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, maidir le sainmhíniú an choincheapa “táirgí tionscnaimh” agus modhanna comhair riaracháin [2022/1476]

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN IORDÁIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 4 de Phrótacal 3 de maidir le sainmhíniú an choincheapa “táirgí tionscnaimh” agus modhanna comhair riaracháin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) In Airteagal 28 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine den pháirt eile (“an Comhaontú”), tagraítear do Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le sainmhíniú an choincheapa “táirgí tionscnaimh” agus modhanna comhair riaracháin (“Prótacal 3”), lena leagtar síos na rialacha tionscnaimh.
- (2) Foráiltear le hAirteagal 4 de Phrótacal 3 go bhféadfaidh an Chomhairle Comhlachais a bhunaítear le hAirteagal 89 den Chomhaontú forálacha Phrótacal 3 a leasú.
- (3) Tar éis ghlacadh Chinneadh (AE) 2020/2067 ⁽¹⁾ ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 3 a ionadú, ghlac an Chomhairle Comhlachais Cinneadh Uimh. 1/2021 ⁽²⁾ lena gcuirtear téacs nua in ionad Phrótacal 3.
- (4) Tá i bPrótacal 3, ar thaobh amháin, tagairt dhinimiciúil don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara ⁽³⁾ (“Coinbhinsiún PEM”), lena ndéantar Coinbhinsiún PEM infheidhme idir an tAontas agus an Iordáin, agus, ar an taobh eile, na rialacha idirthréimhseacha ab infheidhme ón 1 Meán Fómhair 2021 mar shraith mhalartach rialacha tionscnaimh de mhalairt orthu siúd a leagtar síos sa Choinbhinsiún reatha PEM.
- (5) Mar chuid de thacaíocht an Aontais don Iordáin i gcomhthéacs ghéarchéim na ndéanaithe ón tSiria, chomhaontaigh an tAontas agus an Iordáin i mí Iúil 2016 na rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir le honnmhairiú táirgí ón Iordáin chuig an Aontas faoin gComhaontú a mhaolú go sealadach.

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2020/2067 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 3 a ghabhann leis a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa “táirgí tionscnaimh” agus modhanna comhair riaracháin a ionadú (IO L 424, 15.12.2020, lch. 37).

⁽²⁾ Cinneadh Uimh. 1/2021 ó Chomhairle Comhlachais AE-an Iordáin an 15 Aibreán 2021 lena leasaítear an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, trí Phrótacal 3 a ghabhann leis maidir le sainmhíniú an choincheapa “táirgí tionscnaimh” agus modhanna comhair riaracháin a ionadú [2021/742] (IO L 164, 10.5.2021, lch. 1).

⁽³⁾ An Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO AE L 54, 26.2.2013, lch. 4).

- (6) Dá éis sin, ghlac Coiste Comhlachais AE-an Iordáin Cinneadh Uimh. 1/2016 (*) chun forálacha Phrótacal 3 maidir le sainmhíniú an choincheapa “táirgí tionscnaimh” a leasú agus chun forlíonadh a dhéanamh ar an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le go bhféadfar stádas tionscnaimh a thabhairt do chatagóirí áirithe táirgí a mhonaraítear i gcríoch na hIordáine, agus atá bainteach le fostaíocht a chruthú do dhéanaithe ón tSiria agus do mhuintir na hIordáine.
- (7) I mí na Nollag 2017, chuir an Iordáin an chéad tuarascáil bhliantúil i láthair i dtaca le cur chun feidhme scéim na rialacha tionscnaimh arna mbunú le Cinneadh Uimh. 1/2016 agus rinne sí roinnt iarrataí an scéim a mhaolú a thuilleadh. I mí na Nollag 2018, tar éis di iarrataí na hIordáine a scrúdú, mheas an Chomhairle, thar ceann an Aontais, go raibh údar maith leis na hiarrataí agus chomhaontaigh sí ceanglais áirithe de scéim na rialacha tionscnaimh a mhaolú a thuilleadh, mar shampla trí dheireadh a chur leis an gceanglas creasa, trí cheanglas a leagan síos gur Siriaigh a bheadh in 15 % d’fhórsa saothair iomlán gach saoráide táirgthe, agus trí shíneadh a chur go dtí an 31 Nollaig 2030 le ré na scéime.
- (8) Ghlac Coiste Comhlachais AE-na hIordáine Cinneadh Uimh. 1/2018 (?) chun forálacha Phrótacal 3 a leasú tríd an scéim tionscnaimh a mhaolú a thuilleadh agus trí shíneadh a chur go dtí an 31 Nollaig 2030 le ré na scéime arna bunú le Cinneadh Uimh. 1/2016. Tháinig Cinneadh Uimh. 1/2018 i bhfeidhm an 4 Nollaig 2018.
- (9) Le Cinneadh Uimh. 1/2021, ní choinnítear na bearta maolaitheacha a tugadh isteach le Cinntí Uimh. 1/2016 agus Uimh. 1/2018 maidir le maolú sealadach na rialacha tionscnaimh a bhfuil feidhm acu maidir le honnmhairithe táirgí ón Iordáin chuig an Aontas faoin gComhaontú.
- (10) Lena áirithiú go leanfar de Chinntí Uimh. 1/2016 agus Uimh. 1/2018 a chur i bhfeidhm go leanúnach, ní mór iad a nascadh leis na rialacha idirthréimhseacha is infheidhme ón 1 Meán Fómhair 2021.
- (11) Ní mór Prótacal 3 a leasú chun rialacha na scéime tionscnaimh a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1/2016 a choimeád trína nascadh leis na rialacha idirthréimhseacha a leagtar síos i bPrótacal 3, arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 1/2021.
- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 3 a leasú trí Fhoscríbhinn B a chur leis, foscríbhinn ina mbeadh liosta breise den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le go bhféadfar stádas tionscnaimh a thabhairt do na táirgí sin a mhonaraítear san Iordáin.
- (13) Ba cheart oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe iomchú a bheith ag gabháil le cur i bhfeidhm Fhoscríbhinn B a ghabhann le Prótacal 3. Ina theannta sin, ba cheart a bheith in ann cur i bhfeidhm Fhoscríbhinn B a ghabhann le Prótacal 3 a chur ar fionraí mura gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha maidir lena chur i bhfeidhm nó má chomhlíontar na coinníollacha maidir le bearta coimirce.
- (14) D’fhonn leanúnachas a áirithiú i gcur i bhfeidhm Chinntí Uimh. 1/2016 agus Uimh. 1/2018, lena n-áirítear na maoluithe dá bhforáiltear iontu, agus ar an gcaoi sin, d’fhonn a chumasú d’onnmháireoirí údaraithe gan cailleanais eacnamaíocha a thabhu faoi Chinneadh Uimh. 1/2016, is iomchú an Cinneadh seo a chur i bhfeidhm go haisghníomhach, ón 1 Meán Fómhair 2021,

(*) Cinneadh Uimh. 1/2016 ó Choiste Comhlachais AE-na hIordáine an 19 Iúil 2016 lena leasaítear forálacha Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus a mhéid a bhaineann leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le go bhféadfar stádas tionscnaimh a thabhairt do chatagóirí áirithe táirgí a mhonaraítear i gcriosanna forbartha tiomnaithe agus i limistéir thionsclaíocha, agus atá bainteach le fostaíocht a chruthú do dhéanaithe ón tSiria agus do mhuintir na hIordáine [2016/1436] (IO L 233, 30.8.2016, lch. 6).

(?) Cinneadh 1/2018 ó Choiste Comhlachais AE-an Iordáin an 4 Nollaig 2018 lena leasaítear forálacha Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus a mhéid a bhaineann leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le go bhféadfar stádas tionscnaimh a thabhairt do chatagóirí áirithe táirgí a mhonaraítear i gcríoch Ríocht Haisimíteach na hIordáine, agus atá bainteach le fostaíocht a chruthú do dhéanaithe ón tSiria agus do mhuintir na hIordáine [2019/42] (IO L 9, 11.1.2019, lch. 147).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasófar Prótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, maidir le sainmhíniú an choincheapa “táirgí tionscnaimh” agus modhanna comhair riaracháin (“Prótacal 3”) trí Fhoscríbhinn B a chur leis, ina bhfuil na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm Fhoscríbhinn B sin agus an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le go bhféadfar stádas tionscnaimh a thabhairt do tháirgí a mhonaraítear san Iordáin, i gcás ina raibh dídeanaithe ón tSiria bainteach le monarú na dtáirgí sin, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Beidh feidhm ag Fhoscríbhinn B a ghabhann le Prótacal 3 go dtí an 31 Nollaig 2030.

Airteagal 2

Chun críocha chur i bhfeidhm an Chinnidh seo, féadfar cruthúnais tionscnaimh a eisiúint go cúlghabhálach i gcás onnmhairí a dhéanfar idir an 1 Meán Fómhair 2021 agus dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Márta 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

Foscríbhinn B

AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN LIOSTA DEN OIBRIÚ NÓ DEN PHRÓISEÁIL IS GÁ A DHÉANAMH AR ÁBHAIR NEAMHTHIONSCNAIMH LE GO bhFÉADFAIR STÁDAS TIONSCNAIMH A THABHAIRT DO THÁIRGÍ A MHONARAÁITEAR SAN IORDÁIN

Airteagal 1

Forálacha coiteanna

A. Sainmhíniú ar thionscnamh

- Maidir leis na táirgí a liostaítear in Airteagal 2 den Fhoscríbhinn seo, féadfaidh feidhm a bheith ag na rialacha seo a leanas in ionad na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Phrótocal 3, (“Coinbhinsiún PEM”) ar choinníoll go gcomhlíonann na táirgí sin na coinníollacha seo a leanas:
 - maidir leis an oibriú nó an phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhtionscnaimh le go bhféadfar stádas tionscnaimh a thabhairt do na táirgí sin, go ndéantar sin i saoráidí táirgthe atá suite i gcríoch na hIordáine; agus
 - maidir leis an lucht saothair iomlán i ngach saoráid táirgthe atá suite i gcríoch na hIordáine agus ina ndéantar táirgí den sórt sin a oibriú nó a phróiseáil, tá an cion de dhéanaithe ón tSiria coibhéiseach le 15 % ar a laghad (arna ríomh ar bhonn aonair do gach saoráid táirgthe).
- An cion ábhartha de bhun pointe (b) de mhír 1, déanfar é a ríomh ag aon pointe tar éis theacht i bhfeidhm na Foscríbhinne seo agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: líon na ndéanaithe ón tSiria atá fostaithe i bpoist fhoirmiúla chuibhiúla agus ar bhonn coibhéiseach lánaimseartha, dídeanaithe a fuair cead oibre atá bailí ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad faoin reachtaíocht sin de chuid na hIordáine is infheidhme.
- Déanfaidh údarás inniúla na hIordáine faireachán ar na saoráidí táirgthe incháilithe chun go gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, tabharfaidh na húdarás inniúla sin uimhir údaraithe do na saoráidí táirgthe a chomhlíonann na coinníollacha sin agus tarraingeoidh siad siar go pras an uimhir údaraithe sin nuair nach mbeidh na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh ag na saoráidí táirgthe.

B. Cruthúnas tionscnaimh

- Beidh an ráiteas seo a leanas ina chuid de chruthúnas ar thionscnamh a tharraingítear suas de bhun na Foscríbhinne seo, agus is i mBéarla a bheidh an ráiteas:

“Derogation — Appendix B to Protocol 3 — [authorisation number granted by the competent authorities of Jordan]”.

C. Comhar riaracháin

- I gcomhréir le hAirteagal 32(5) d’Fhoscríbhinn I de Choinbhinsiún PEM, nuair a chuireann údarás chustaim na hIordáine torthaí an fhíoraithe in iúl don Choimisiún Eorpach nó d’údarás chustaim iarrthacha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (na “Ballstáit”), sonróidh na húdarás chustaim sin go gcomhlíonann na táirgí a liostaítear in Airteagal 2 den Fhoscríbhinn seo na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.
- I gcás inar cosúil go léirítear sa nós imeachta fíorúcháin nó in aon fhaisnéis eile atá ar fáil nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, déanfaidh an Iordáin ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún Eorpach, nó d’údarás chustaim na mBallstát, déanfaidh an Iordáin fiosrúcháin iomchuí nó socróidh sí go ndéanfar na fiosrúcháin sin go pras chun sárúithe den sórt sin a shainaithint agus a chosc. Chun na críche sin, féadfaidh an Coimisiún Eorpach agus údarás chustaim na mBallstát páirt a ghlacadh sna fiosrúcháin.

D. Tuairisciú, faireachán agus athbhreithniú

7. Gach bliain tar éis theacht i bhfeidhm na Foscríbhíne seo, cuirfidh an Iordáin tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le feidhmiú agus le hiarmhairtí na Foscríbhíne seo, lena n-áirítear staidreamh maidir le táirgeadh agus le honnmhairiú ar leibhéal ocht ndigit nó ar an leibhéal is airde sonraí atá ar fáil do na táirgí a chumhdaítear leis an scéim. Cuirfidh an Iordáin isteach freisin liosta ina sainaitheofar na saoráidí táirgthe san Iordáin agus ina sonrúfar céatadán na ndéanaithe ón tSiria atá fostaithe i ngach saoráid táirgthe ar leith ar bhonn bliain ar bhliain. Chomh maith leis sin, ar bhonn ráithiúil tuairisceoidh an Iordáin maidir le líon iomlán na gceadanna oibre gníomhacha nó modhanna intomhaiste eile a chomhfhreagraíonn don fhostaíocht dhlíthiúil ghníomhach arna gcinneadh ag an gCoiste Comhlachais. Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú i gcomhpháirt ar na tuarascálacha sin agus ar aon saincheist a bhaineann leis an bhFoscríbhíne seo a chur chun feidhme agus le faireachán a dhéanamh uirthi laistigh de na comhlachtaí a bhunaítear leis an gComhaontú Comhlachais agus go háirithe san Fhochoiste um Thionsclaíocht, Thrádáil agus Sheirbhísí. Áiríteoidh na Páirtithe rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha sa phróiseas faireacháin, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus an Banc Domhanda.
8. I dtaca le sprioc na hIordáine maidir le méadú ar rannpháirtíocht na ndéanaithe ón tSiria i margadh foirmiúil an tsaothair a éascú, agus sin a dhéanamh trí 60 000 cead oibre gníomhach, ar a laghad, a eisiúint do dhéanaithe ón tSiria, nó trí mhodhanna intomhaiste eile a chomhfhreagraíonn don fhostaíocht dhlíthiúil ghníomhach arna gcinneadh ag an gCoiste Comhlachais, a luaithe a bhainfidh an Iordáin an sprioc sin amach cuirfidh na Páirtithe forálacha na Foscríbhíne seo i bhfeidhm maidir leis na táirgí uile a chumhdaítear san Fhoscríbhíne seo gan an ceanglas maidir leis na coinníollacha sonracha a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh.
9. Má mheasann an tAontas Eorpach nach bhfuil dóthain fianaise ann go bhfuil an Iordáin ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 8, féadfaidh an tAontas Eorpach an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choiste Comhlachais. Mura ndearbhaíonn an Coiste Comhlachais go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 8 nó mura leasaíonn sé an Fhoscríbhíne seo laistigh de 90 lá tar éis tharchur an ábhair, féadfaidh an tAontas Eorpach a chinneadh go mbeidh feidhm ag na coinníollacha sonracha a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 1.

E. Fionraíocht shealadach

10.

- (a) Gan dochar do mhíreanna 8 agus 9, má mheasann an tAontas Eorpach nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann go gcomhlíonann an Iordáin nó aon saoráid táirgthe shonrach na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh an tAontas an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choiste Comhlachais. Sa mhéid a tharchuirfeadh, sainaitheofar an bhfuil an mhainneachtain maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 1 inchurtha i leith na hIordáine nó aon saoráide táirgthe ar leith.
- (b) Mura ndearbhaíonn an Coiste Comhlachais go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 nó mura leasaíonn sé an Fhoscríbhíne seo laistigh de 90 lá tar éis tharchur an ábhair, déanfar cur i bhfeidhm na Foscríbhíne seo a chur ar fionraí. Is é ré na fionraíochta an méid a shainaitheofar i dtarchur an Aontais Eorpaigh chuig an gCoiste Comhlachais.
- (c) Féadfaidh an Coiste Comhlachais a chinneadh síneadh a chur leis an tréimhse 90 lá. Sa chás sin, tiocfaidh an fhionraíocht sin i bhfeidhm nuair nach mbeidh aon cheann de na gníomhaíochtaí a shainaitheofar i bpointe (b) déanta ag an gComhairle Comhlachais laistigh den tréimhse ama lena cuireadh síneadh.
- (d) Féadfaidh cur i bhfeidhm na Foscríbhíne seo tosú an athuair má chinneann an Coiste Comhlachais amhlaidh.
- (e) I gcás fionraíochta, leanfaidh an Fhoscríbhíne seo d'fheidhm a bheith aici ar feadh tréimhse 4 mhí i ndáil le táirgí atá, ar an dáta a chuirtear an Fhoscríbhíne ar fionraí go sealadach, faoi bhealach nó á stóráil go sealadach i dtrádstórais chustaim nó i saorchriosanna san Aontas Eorpach, agus a ndearnadh cruthúnas tionscnaimh ina leith i gceart, agus i gcomhréir le forálacha na Foscríbhíne seo, roimh dháta na fionraí sealadaí.

F. Sásra coimirce

11. I gcás ina n-allmhairítear táirge a liostaítear in Airteagal 2, táirge a thairbhíonn de chur i bhfeidhm na Foscríbhíne seo, agus go dtiocfadh an oiread sin méadaithe ar allmhairiú an táirge, agus nuair a tharlódh sin faoi chúinsí de shórt go ndéanfar mórdhíobháil do tháirgeoirí an Aontais Eorpaigh a tháirgeann táirge comhchosúil nó díriomaíoch i gcríoch an Aontais Eorpaigh nó i gcuid de, nó go mbeidh bagairt mórdhíobhála ann dóibh, nó go mbeidh suaitheadh

tromchúiseach in aon earnáil de gheilleagar an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 26 den Chomhaontú, féadfaidh an tAontas Eorpach an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choiste Comhlachais lena scrúdú. Más rud é, laistigh de 90 lá tar éis an t-ábhar a chur faoina bhráid, nach nglacann an Coiste Comhlachais cinneadh deireadh a chur leis an mórdhíobháil nó leis an mbagairt sin nó le suaitheadh tromchúiseach nó mura mbeifear tar éis aon réiteach sásúil eile a bhaint amach, cuirfear feidhmiú na Foscríbhinne seo ar fionraí i ndáil leis an táirge sin go dtí go nglacfaidh an Coiste Comhlachais cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil deireadh leo nó go dtí go dtiocfaidh na Páirtithe ar réiteach sásúil agus go gcuirfear sin in iúl don Choiste Comhlachais.

G. Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

12. Beidh feidhm ag an bhFoscríbhinn seo ón lá a chuirfear i bhfeidhm an cinneadh ón gComhairle Comhlachais a ghabhann, agus beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2030.

Airteagal 2

Liosta de na táirgí maille leis an oibríú agus próiseáil is gá

Leagtar amach thíos liosta na dtáirgí a bhfuil feidhm ag an bhFoscríbhinn seo maidir leo agus na rialacha oibre agus próiseála is féidir a chur i bhfeidhm mar mhalairt orthu sin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Foscríbhinn I de Choinbhinsiún PEM.

Tá feidhm *mutatis mutandis* ag Iarscríbhinn II a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún PEM ina bhfuil na nótaí tosaigh a ghabhann leis an liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún PEM maidir leis an liosta thíos, faoi réir na leasuithe seo a leanas:

I Nóta 5.2, cuirtear na bunábhair seo a leanas leis an dara fomhír:

- snáithíní gloine;
- snáithíní miotail.”.

In Airteagal 7.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad téacs:

“Chun críocha cheannteidil ex 2707 agus 2713, oibríochtaí simplí amhail glanadh, scinceáil, díshailleadh, deighilt uisce, scagadh, dathú, marcáil, cion sulfair a bhaint amach trí tháirgí nach ionann a gcion sulfair a mheascadh, ní thugtar dóibh stádas tionscnaimh de bharr na n-oibríochtaí sin ná de bharr aon teaghlaim díobh nó d’oibríochtaí comhchosúla.”.

Chun críocha na Foscáibhinne seo, tá feidhm ag an liosta seo a leanas:

“ex Caibidil 25	Salann; sulfar; ithreacha agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 2519	Carbónáit mhaighnéisiam nádúrtha brúite (maighnéidít), i gcoimeádáin shéalaithe go heirméiteach, agus ocsaíd mhaighnéisiam, bídís íon nó ná bíodh, seachas maignéis chomhleáite nó maignéis atá cailcínithe amach (ar tháinig sintéar uirthi)	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar carbónáit mhaighnéisiam nádúrtha (maighnéidít) a úsáid
ex Caibidil 27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha, seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 2707	Olaí ina bhfuil meáchan na gcomhábhar aramatach iontu níos mó ná meáchan na gcomhábhar neamharamatach, ar olaí iad atá cosúil le holaí mianracha a fhaightear trí tharra guail ardteochta a dhriogadh, is é sin tarra guail ardteochta a ndriogann níos mó ná 65 % de, de réir toirte, ag teocht nach mó ná 250 °C (lena n-áirítear meascáin de bhíotáille peitríliam agus beansól), lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téite	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ⁽¹⁾ nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
2710	Olaí peitríliam agus olaí a fhaightear ó ábhair bhíotúmanacha, seachas amholaí; ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile, ina bhfuil, de réir meáchain, cion 70 % nó níos mó d'olaí peitríliam nó d'olaí a fhaightear ó ábhair bhíotúmanacha agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí; dramh-olaí	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ⁽²⁾ nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

2711	Gáis pheitiriam agus hidreacarbóin ghásacha eile	<p>Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha (?)</p> <p>nó</p> <p>Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p>
2712	Glóthach pheitiriam; céir phairifín, céir pheitiriam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianracha eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídis daite nó ná bíodh	<p>Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha (?)</p> <p>nó</p> <p>Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p>
2713	Cóc peitiriam, biotúman peitiriam agus iarmhair eile ó olaí peitiriam nó ó olaí a fhaightear ó ábhair bhiotúmanacha	<p>Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha (!)</p> <p>nó</p> <p>Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p>
ex Caibidil 28	Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha atá déanta as miotail lómhara, miotail tearc-chré, dúile radaighníomhacha nó iseatóip; seachas:	<p>Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p> <p>nó</p> <p>Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta</p>

ex 2811	Trí-ocsaíd sulfair; agus	Monarú as dé-ocsaíd sulfair nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 2840	Sárbhórait sóidiam;	Monarú as peintihodráit teitreabóroin déshóidiam nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
2843	Miotail chollóideacha lómhara; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de mhiotail lómhara, bídis sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh; malgaim de mhiotail lómhara	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile faoi cheannteideal 2843
ex 2852	— Comhdhúile mearcair d'éitir inmheánacha agus a gcuid díorthach, hal-aiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal ar bith. Mar sin féin, ní ceadmhach luach na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 2909 a úsáidtear a bheith níos mó ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
	— Comhdhúile mearcair d'aigéid núicléacha agus a gcuid salann, bídis sainithe ó thaobh ceimice de nó ná bíodh; comhdhúile heitreachiog-lacha eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal ar bith. Mar sin féin, ní bheidh luach na n-ábhar uile atá faoi cheanteidil 2852, 2932, 2933 agus 2934 a úsáidtear os cionn 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta

ex Caibidil 29	Ceimiceáin orgánacha; seachas:	<p>Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p> <p>nó</p> <p>Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta</p>
ex 2905	Alcóláiteanna miotail atá déanta as alcóil atá faoin gceannteideal seo agus de chuid eatánóil; seachas:	<p>Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile faoi cheannteideal 2905. Mar sin féin, féadfar alcóláiteanna miotail atá faoin gceannteideal seo a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p> <p>nó</p> <p>Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta</p>
2905.43; 2905.44; 2905.45	Mainníotól; D-glúicíotól (soirbiotól); Gliocról	<p>Monarú as ábhair atá faoi aon fho-cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin bhfo-cheannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p> <p>nó</p> <p>Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta</p>
2915	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe	<p>Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal ar bith. Mar sin féin, ní bheidh luach na n-ábhar uile atá faoi cheanteidil 2915 agus 2916 a úsáidtear os cionn 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha</p> <p>nó</p> <p>Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta</p>

ex 2932	— Éitir inmheánacha agus a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotróisaithe	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal ar bith. Mar sin féin, ní ceadmhach luach na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 2909 a úsáidtear a bheith níos mó ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
	— Aicéatail chioglacha agus leathaicéatail inmheánacha agus a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotróisaithe	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
2933	Comhdhúile heitreachioglacha nach bhfuil acu ach heitrea-adamh/adaimh nítrigine	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal ar bith. Mar sin féin, ní bheidh luach na n-ábhar uile atá faoi cheannteidil 2932 agus 2933 a úsáidtear, os cionn 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
2934	Aigéid núicléasacha agus a gcuid salann, bídis sainithe ó thaobh ceimice de nó ná bíodh; comhdhúile heitreachioglacha eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal ar bith. Mar sin féin, ní bheidh luach na n-ábhar uile atá faoi cheannteidil 2932, 2933 agus 2934 a úsáidtear, os cionn 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
Caibidil 31	Leasacháin	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta

Caibidil 32	Eastóscáin súdaireachta nó ruaimneoireachta; tainníní agus a gcuid díorthach; ruaimanna, líocha agus ábhar dathúcháin eile; péinteanna agus vearnaisí; puití agus maisteoga eile; dúigh	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex Caibidil 33	Blátholaí agus roisíneoidí; ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaideacha nó maisíochta; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 3301	Blátholaí (bídís neamhtheirpéineach nó ná bíodh), lena n-áirítear concreítí agus absalóidí; roisíneoidí; oiléaroisíní eastósctha; tiúcháin blátholaí i saille, in olaí fosaithe, i gcéaracha nó a leithéidí, a fhaightear trí ionbhláthú nó trí mhaothú; fotháirgí teirpéineacha ó dhítheirpéiniú blátholaí; driogáití uiscí agus tuaslagáin uiscí blátholaí	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair as 'grúpa' (?) éagsúil faoin gceannteideal seo. Mar sin féin, féadfar ábhair atá in aon ghrúpa leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex Caibidil 34	Gallúnach, oibreáin dhromchlaghníomhacha orgánacha, ullmhóidí níocháin, ullmhóidí bealaithe, céaracha saorga, céaracha sainullmhaithe, ullmhóidí snasúcháin nó sciúracháin, coinne agus earraí dá samhail, taos múnlóireachta, 'déadchéaracha' agus ullmhóidí déidliachta de bhunús plástair, amháin sna cásanna seo a leanas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta

ex 3404	Céaracha saorga agus céaracha ullmhaithe: — A bhfuil bonn pairifín, céaracha peitriam, céaracha a fhaightear ó mhi-anraí biotúmanacha, céarach boige nó céarach scála fúthu	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal
Caibidil 35	Substaintí albaimineoideacha; stáirsí modhnaithe; gliúnna; einsímí	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, nach mó a luach iomlán na n-ábhar uile a úsáidtear ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
Caibidil 37	Earraí fótagrafacha nó cineamatagrafacha	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex Caibidil 38	Táirgí ceimiceacha ilghnéitheacha; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 3803	Tallola scagtha	Scagadh tallola aimhe nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 3805	Tuirpintín sulfáite, íonaithe	Íonú trí dhriogadh nó scagadh de bhiotáille amh tuirpintín sulfáite nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta

3806 30	Gumaí eistir	Monarú ó aigéid roisín nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 3807	Pic adhmaid (pic tarra adhmaid)	Driogadh tarra adhmaid nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
3809 10	Oibreáin bhailchríche, iompróirí ruaimeanna chun dlús a chur leis an ruaimniú nó le daingniú na ruaimeachán agus táirgí eile agus ullmhóidí eile (mar shampla, cóirithe agus buanaitheoirí), de chineál a úsáidtear sa tionscal teicstíle, páipéir nó leathair nó i dtionscail chomhchosúla, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile: De bhunús substaintí amaláiseacha	Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
3823	Aigéid shailleacha mhonacarbocsaileacha thionsclaíocha; olaí aigéid ó athscagadh; alcóil shailleacha thionsclaíocha	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile faoi cheannteideal 3823 nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
3824 60	Soirbhiótól seachas é sin faoi fho-cheannteideal 2905.44	Monarú as ábhair faoi aon fho-cheannteideal, nach é fo-cheannteideal an táirge é agus seachas ábhair faoi fho-cheannteideal 2905.44. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin bhfo-cheannteideal céanna leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta

ex Caibidil 39	Plaistigh agus earraí díobh; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 3907	— Comhpholaiméir, arna dhéanamh as polacharbónáit agus comhpholaiméir stíréin bhútaidhé-éine aicrilínítríle (ABS)	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge a úsáid ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 % de phraghas an táirge (*) díreach ón monarcha nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
	— Poileistear	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú as polacarbónáit teitreabróma-(bisfeanól A) nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 3920	Bileog nó scannán ianaiméir	Monarú ó shalann páirteach teirmeaplaisteach atá ina chomhpholaiméir eitéiléine agus aigéid mheiticríligh neodraithe go páirteach le hiain mhiotail, den chuid is mó sinc agus sóidiam nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex 3921	Scragail phlaisteacha, mhiotalaithe	Monarú as scragail phoileistir an-tréidhearcach de thiús nach mó ná 23 mhiocrón (°) nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta

ex Caibidil 40	Rubar agus earraí atá déanta as; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
4012	Boinn atráchtacha nó chaite aeir, as rubar; boinn sholadacha nó chúisín, tráchtacha boinn agus flapáí boinn, as rubar:	
	— Boinn atráchtacha aeir, sholadacha nó chúisín, as rubar	Atráchtadh bonn caite
	— Eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteidil 4011 nó 4012 nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex Caibidil 41	Seithí agus craicne amha (seachas craicne fionnaidh) agus leathar; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é
4101 go 4103	Seithí agus craicne amha ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) nó ó each-ainmhithe (úr, nó saille, triomaithe, aolaithe, picilte nó leasaithe ar bhealach eile, ach gan súdaireacht, párchóiriú nó ullmhú thairis sin déanta orthu), bídís gan fionnadh nó scairghearrtha nó ná bíodh; craicne amha ó chaoirigh nó ó uain (úr, nó saille, triomaithe, aolaithe, picilte nó leasaithe ar bhealach eile, ach gan súdaireacht, párchóiriú nó ullmhú thairis sin déanta orthu), bíodh olann orthu nó ná bíodh nó bídís scairghearrtha nó ná bíodh, seachas na craicne sin a eisiatar le nóta 1(c) a ghabhann le Caibidil 41; seithí agus craicne amha eile (úr, nó saille, triomaithe, aolaithe, picilte nó leasaithe ar bhealach eile, ach gan súdaireacht, párchóiriú nó ullmhú thairis sin déanta orthu), bídís gan fionnadh nó scairghearrtha nó ná bíodh, seachas na seithí agus na craicne sin a eisiatar le nóta 1(b) nó le nóta 1 (c) a ghabhann le Caibidil 41	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal
4104 go 4106	Seithí agus craicne súdaraithe nó coirteacha, gan olann ná fionnadh orthu, bídís scairghearrtha nó ná bíodh, ach gan ullmhú thairis sin orthu	Athshúdaireacht ar sheithí agus craicne súdaraithe nó réamhshúdaraithe faoi fhocheannteidil 4104.11, 4104.19, 4105.10, 4106.21, 4106.31 nó 4106.91 nó Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é

4107, 4112, 4113	Leathar a ndéantar ullmhú breise air tar éis a shúdaraithe nó a chrústaithe	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, ní fhéadfar ábhair faoi fho-cheanteidil 4104.41, 4104.49, 4105.30, 4106.22, 4106.32 agus 4106.92 a úsáid ach amháin má dhéantar oibríocht athshúdaireachta ar na seithí agus na craicne súdaraithe nó cóirithe sa staid thirim
Caibidil 42	Earraí déanta as leathar; diallaiteoireacht agus úmacha; earraí taistil, málaí láimhe agus coimeádáin chomhchosúla; earraí déanta d'inne ainmhí (seachas inne seiriceán)	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
ex Caibidil 43	Craicne fionnaidh agus fionnadh saorga; earraí a mhonaraítear astu; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta
4301	Craicne fionnaidh amha (lena n-áirítear cinn, eirebaill, lapaí agus píosaí eile nó gearrtháin eile, atá oiriúnach lena n-úsáid ag fionnadóir), seachas seithí amha agus craicne amha faoi cheannteideal 4101, 4102 nó 4103	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal
ex 4302	Craicne fionnaidh súdaraithe nó cóirithe, cóimeáilte:	
	— Plátaí, crosa agus foirmeacha comhchosúla	Craicne fionnaidh súdaraithe nó cóirithe neamhchóimeáilte a thuaradh nó a ruaimniú mar aon lena ghearradh agus a chóimeáil
	— Eile	Monarú as seithí fionnaidh cóirithe nó súdaraithe, neamhchóimeáilte
4303	Baill éadaigh, gabhálais éadaigh agus earraí eile craicinn fionnaidh	Monarú as craicne fionnaidh faoi cheannteideal 4302, é súdaraithe nó cóirithe nó neamhchóimeáilte
ex Caibidil 44	Adhmad agus earraí adhmaid; fioghual; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é nó Monarú nach mó ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear le linn an phróisis monaraíochta

ex 4407	Adhmad sáfa nó scealptha ar a fhad, slisnithe nó scafa, nach mó ná 6 mm ar tiús, plánáilte, greanáilte nó ceannsiúntáilte	Plánáil, greanáil nó ceannsiúntáil
ex 4408	Leatháin lena veiníriú (lena n-áirítear na cinn a fhaightear trí adhmad lannaithe a shliseadh), agus le haghaidh sraithadhmaid de thiús nach mó ná 6 mm, uaimthe, agus adhmad eile sáfa ar a fhad, sliseáilte nó scafa nach mó ná 6 mm, ar tiús, plánáilte, greanáilte nó ceannsiúntáilte	Uamadh, plánáil, greanáil nó ceannsiúntáil
ex 4410 go ex 4413	Feirbíní agus múnluithe, lena n-áirítear clár sciorta múnlaithe agus boird mhúnlaithe eile	Feirbeadh nó múnlú
ex 4415	Cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumaí agus pacáistithe comhchosúla, as adhmad	Monarú as boird nár gearradh de réir tomhais
ex 4418	— Siúinéireacht agus cearpantóireacht na dtógálaithe ina n-úsáidtear adhmad	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar painéil cheallacha adhmaid agus slinnte adhmaid a úsáid
	— Feirbíní agus múnluithe	Feirbeadh nó múnlú
ex 4421	Cléithíní lasáin; pionnaí adhmaid nó bioráin le haghaidh coisbheart	Monarú as adhmad atá faoi aon cheannteideal, seachas adhmad tarraingthe atá faoi cheannteideal 4409
ex Caibidil 51	Olann, fionnadh ainmhíoch mín nó garbh; snáth róin agus fabraic fhite; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é
5106 go 5110	Snáth olla, snáth d'fhionnadh ainmhíoch mín nó garbh, nó de rón	Sníomh snáithíní nádúrtha nó easbhrú snáithíní de dhéantús an duine lena ngabhann sníomh ⁽⁶⁾
5111 go 5113	Fabraicí fite as olann, as fionnadh ainmhíoch mín nó garbh, nó as rón:	Fíodóireacht ⁽⁶⁾ nó Priontáil lena ngabhann dhá oibríocht ullmhúcháin nó bailchríche, ar a laghad, (amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, teaschóiriú, ardú, cleandrú, próiseáil fhrithchraphach, bailchríochnú buan, díchaitiú, tuile, deisiú agus díshnaidhmeadh) i gcás nach mó luach na fabraice neamhphriontáilte a úsáidtear ná 47.5 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

ex Caibidil 52	Cadás; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheanteideal nach é ceanteideal an táirge é
5204 go 5207	Snáth nó snáithe cadáis	Sníomh snáithíní nádúrtha nó easbhrú snáithíní de dhéantús an duine lena ngabhann sníomh ⁽⁶⁾
5208 go 5212	Fabraicí fite as cadás:	Fíodóireacht ⁽⁶⁾ nó Priontáil lena ngabhann dhá oibríocht ullmhúcháin nó bailchríche, ar a laghad, (amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, teaschóiriú, ardú, cleandrú, próiseáil fhrithchrapthach, bailchríochnú buan, díchaitiú, tuile, deisiú agus díshnaidhmeadh) i gcás nach mó luach na fabraice neamhphriontáilte a úsáidtear ná 47.5 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex Caibidil 53	Snáithíní teicstíle plandúla eile; snáth páipéir agus fabraicí fite as snáth páipéir; seachas:	Monarú as ábhair faoi aon cheanteideal nach é ceanteideal an táirge é
5306 go 5308	Snáth as snáithíní teicstíle plandúla eile; snáth páipéir	Sníomh snáithíní nádúrtha nó easbhrú snáithíní de dhéantús an duine lena ngabhann sníomh ⁽⁶⁾
5309 go 5311	Fabraicí fite as snáithíní eile teicstíle plandúla; fabraicí fite as snáth páipéir:	Fíodóireacht ⁽⁶⁾ Priontáil lena ngabhann dhá oibríocht ullmhúcháin nó bailchríche, ar a laghad, (amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, teaschóiriú, ardú, cleandrú, próiseáil fhrithchrapthach, bailchríochnú buan, díchaitiú, tuile, deisiú agus díshnaidhmeadh) i gcás nach mó luach na fabraice neamhphriontáilte a úsáidtear ná 47.5 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha
5401 go 5406	Snáth, aonfhiliméad agus snáth as filiméid de dhéantús an duine	Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine lena ngabhann sníomh nó sníomh snáithíní nádúrtha ⁽⁶⁾
5407 agus 5408	Fabraicí fite as snáth filiméid de dhéantús an duine:	Fíodóireacht ⁽⁶⁾ nó Priontáil lena ngabhann dhá oibríocht ullmhúcháin nó bailchríche, ar a laghad, (amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, teaschóiriú, ardú, cleandrú, próiseáil fhrithchrapthach, bailchríochnú buan, díchaitiú, tuile, deisiú agus díshnaidhmeadh) i gcás nach mó luach na fabraice neamhphriontáilte a úsáidtear ná 47.5 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha

5501 go 5507	Snáithíní stáplacha de dhéantús an duine	Easbhrú snáithíní de dhéantús an duine
